Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2025
(OR. en)

9643/25

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0372 (CNS)

AG 78
PE 29

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos socruithe mionsonraithe maidir leis an gceart vótála agus leis an gceart chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a fheidhmiú do shaoránaigh an Aontais a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad (athmhúnlú)<br>– Glacadh |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 25 Samhain 2021, chuir an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leagtar síos socruithe mionsonraithe maidir leis an gceart vótála agus leis an gceart chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a fheidhmiú do shaoránaigh an Aontais a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad (ATHMHÚNLÚ) – dá ngairtear an 'togra' anseo feasta')[1]. Tá an togra seo ar cheann de na gnéithe den phacáiste 'Daonlathas agus Sláine thoghcháin an Aontais' (dá ngairtear an 'Pacáiste Daonlathais' anseo feasta)[2].

[1] 14376/21 + ADD 1 go 4.
[2] 14369/21.

2. Foráiltear le hAirteagal 20(2)(b) agus le hAirteagal 22(2) CFAE agus le hAirteagal 39 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh go bhfuil an ceart ag saoránaigh den Aontas chun vótáil agus seasamh mar iarrthóirí i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa ina mBallstát cónaithe, faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Stáit sin. Foráiltear le hAirteagal 22(2) CFAE go mbeidh feidhmiú an chirt sin faoi réir socruithe mionsonraithe arna nglacadh ag an gComhairle, ag gníomhú di d'aon toil i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairimí uaidh maidir leis an togra ón gCoimisiún an 28 Aibreán 2022.

4. Thug Parlaimint na hEorpa tuairim uaithi maidir leis an togra ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2023.

5. Rinneadh anailís mhionsonraithe ar an togra ag cruinnithe na Meithle um Ghnóthaí Ginearálta. Ar bhonn an scrúdaithe sin, d'eisigh an uachtaránacht téacs comhréitigh a leagtar amach in 8773/24.

6. Tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú i bprionsabal maidir leis an téacs sin an 24 Aibreán 2024, faoi réir athbhreithniú dlítheangeolaíoch. Seoladh próiseas comhairliúcháin nua de chuid Pharlaimint na hEorpa mar gheall ar na hathruithe substainteacha a tugadh isteach i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún.

7. Ghlac Parlaimint na hEorpa a tuairim an 17 Meitheamh 2025[3], gan aon athrú a dhéanamh ar théacs na Comhairle mar a leagtar amach in 8773/24 é.

8. Tá an t-athbhreithniú dlítheangeolaíoch curtha i gcrích; leagtar amach an téacs críochnaitheach in 9789/24 REV 1.

[3] A10-0090/2025.

## II. CONCLÚID

9. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle téacs na Treorach lena leagtar síos socruithe mionsonraithe maidir leis an gceart vótála agus leis an gceart chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a fheidhmiú do shaoránaigh an Aontais a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad (athmhúnlú), mar a leagtar amach in 9789/24 REV 1 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.